

- Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún (AE) 2022/1388 an 23 Meitheamh 2022 maidir leis na hágóidí nach bhfuil réitithe a mhéid a bhaineann leis na téarmaí agus coinníollacha i ndáil le húdarú an táirge bhithicídigh Pat'Appât Souricide Canadien Foudroyant arna dtarchur ag an Fhrainc agus ag an tSualainn i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO 2022, L 208, lch. 7) a chur ar neamhní;
- a ordú don Choimisiún costais na n-imeachtaí seo a íoc.

### Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir cúig shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar rial dlí a bhaineann le cur i bhfeidhm Airteagal 48 agus sárú ar Airteagal 1 (1) agus 32 de Rialachán (AE) 528/2012, (“BPR”).<sup>(1)</sup>
2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Airteagail 33, 35 agus 36 de BPR.
3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar rial dlí a bhaineann le cur i bhfeidhm na gConarthaí – prionsabail na cinnteachta dlíthiúla agus na n-ionchas dlisteanach.
4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Airteagal 19 de BPR agus earráid fhollasach i measúnú.
5. An cúigiú saincheist dlí lena n-éilítear sárú cumhachta agus sárú ar rial dlí a bhaineann le cur i bhfeidhm na gConarthaí – prionsabail na cinnteachta dlíthiúla, cosaint na n-ionchas dlisteanach, comhréireacht agus Airteagal 16 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

<sup>(1)</sup> Rialachán (AE) Uimh 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicidal a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid IO 2012, L 167, lch. 1.

### Caingean arna tabhairt an 28 Samhain 2022 — UniSystems Luxembourg agus Unisystems systemata pliroforikis v ESMA

(Cás T-750/22)

(2023/C 45/27)

Teanga an cháis: an Béarla

### Páirtithe

*Iarratasóirí:* UniSystems Luxembourg Sàrl (Bertrange, Lucsamburg), Unisystems systemata pliroforikis Monoprosopi anonymsi Emporiki Etairia (Kallitheia, an Ghréig) (ionadaí: N. Korogiannakis, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margáí (ESMA)

### An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- cinneadh an ESMA chun tairiscint na n-iarratasóirí a roghnú sa dara háit sa chás san iarratas oscailte ar thairiscintí le haghaidh Comhairliúcháin TFC – PROC/2021/12 “Soláthar Seachtrach Seirbhísí TF”, agus an chéad chonradh cascáide a dhámhachtain ag an iarratas céanna ar thairiscintí ar an gcéad chuibhreannas cascáide, arna chur in iúl do na hiarratasóirí le litir ón ESMA dar dáta an 17 Meán Fómhair 2022 a chur ar neamhní;

- ina theannta sin, a ordú don ESMA na damáistí a bhain don iarratasóir as an gcaillteanas conartha de mhéid EUR 3 500 000 a íoc don chéad dá bhliain tar éis an conradh a chur i gcrích. Má dhéantar an conradh a fhadú tuilleadh, dá bhforáiltear go sonrach, iarrann na hiarratasóirí an méid breise a chomhfhreagraíonn d'fhad iomlán an chonartha, bunaithe ar mhéid bliantúil de EUR 1 750 000, asbhaint a dhéanfar ar aon mhéid a chomhfhreagraíonn sa deireadh d'ollchorrach conarthaí sonracha a dhéanadh na hiarratasóirí a fhorghníomhú ina gcáilíocht mar dhara conraitheoir cascáide, na suimeanna thuasluaite go léir a bhfuil ús ag baint leo;
- mar mhalairt air sin, má chinneann an Chúirt Ghinearálta nach bhfuil na hiarratasóirí i dteideal cúiteamh a fháil ar mhéid iomlán na ndamáistí arna dtabhú mar gheall ar chinntí ionsaithe mídhleathacha an ESMA, iarrann na hiarratasóirí damáistí de bharr an chaillteanais de EUR 400 000, móide ús;
- a ordú don ESMA táillí dlí na n-iarratasóirí agus costais agus speansais eile a thabhaítear i ndáil leis an iarratas seo a íoc, fiú má dhiúltaítear don iarratas reatha.

### Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí.

Mar thaca leis an gcaingeán, maíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear gur sáraíodh an Rialachán Airgeadais <sup>(1)</sup> agus na sonraíochtaí tairisceana: Tá an praghas a thairgeann an chéad chonraitheoir cascáide thar a bheith íseal/sonrach ós rud é go bhfuil próifílí praghsanna níos ísle ná an t-íostuarastal dlíthiúil sa Ghearmáin agus sa Ghréig. Ar na cúiseanna céanna, áitíonn na hiarratasóirí go ndearnadh sárú ar shonraíochtaí na tairisceana, agus ar phrionsabail na trédhearcachta agus an dea-riaracháin.
2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear go ndearnadh sárú ar an oibleagáid cúiseanna a shonrú, ar an gceart chun leigheas éifeachtach a fháil agus ar cheanglas nós imeachta riachtanach.
  - An chéad chuid den dara saincheist ar neamhniú: Sárú ar an oibleagáid cúiseanna a shonrú, spreagadh neamhleor;
  - An dara cuid den dara saincheist ar neamhniú: Sárú ar phrionsabal an chirt chun leigheas éifeachtach a fháil agus sárú ar cheanglas riachtanach nós imeachta.

<sup>(1)</sup> Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO 2018 L 193, lch. 1).

## Caingean arna tabhairt an 7 Nollaig 2022 — Sboarina v an Pharlaimint

(Cás T-761/22)

(2023/C 45/28)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* Gabriele Sboarina (Verona, an Iodáil) (ionadaí: M. Paniz, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Parlaimint na hEorpa

### An t-ordú atá á lorg

- Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:
- an cinneadh “Modhnú ar chearta pinsin scoir iar-Fheisire Iodálach de Pharlaimint na hEorpa” a neamhniú a cuireadh in iúl le litir dar dáta an 21 Meán Fómhair 2022, a fuarthas an 28 Deireadh Fómhair 2022, ag Ard-Stiúrthóireacht Airgeadais Parlaimint na hEorpa, maidir le “Athráiteas ar chearta pinsin chun deireadh a chur le gníomhaíocht i ndiaidh Chinneadh Uimh. 150 an 3 Márta 2022 ó Ufficio di Presidenza della Camera dei deputati” (Biúró Theach Teachtaí na hIodáile), ar tugadh fógra don iarratasóir ina leith, agus, in aon chás, an t-athshainiú agus an t-athríomh ar an liúntas pinsin a d’íoc Parlaimint na hEorpa leis an iarratasóir a neamhniú, chomh maith le haon ghníomh eile roimhe sin agus/nó ina dhiaidh sin;